



GLUAISE/

GE:

GLUAISEACHT AR STRAE

Níl mo chuid cainte in ainms mórán baint a bheith aici leis na Sé Chondae cé gur chóir go mbeadh baint ag mo phríomh-mholtanas leo. Is beag eolas atá agam ar chúrsaí na Gaeilge sna Sé Chondae. Mar ghluaiseacht teanga is dóigh nach é an oiread sin de bhiseach ar a bhfuil dhá dhéanamh faoi láthair a d'fhéadfadh an Conra a dhéanamh i gCúige Uladh. D'fhéadfadh Náisiúntóirí na Sé Chondae rud mór a chur ann don Ghaeilge in Éirinn dá mbeidís cáinteach ar neamhshuim na Sé Chondae Fíchead fúithí. Sin caoi nach raibh siad ariamh. Is mó námhdas Stormont dar ndóigh. Ach as deire na cúise is marfaí neamhshuim na Sé Chondae Fíchead ná námhdas ar bith.

Is dóigh go raibh a bharúil féin ag gach duine ó thús i dtaobh gluaiseacht na Gaeilge, de réir na gcuspóirí eile a bhí snamtha ag an duine le cúis na Gaeilge. Agus bhí cuspóirí eile snamtha le Athbheochan na Gaeilge mórán ó thús. Samhalaíodh ó thús gur cuid den chúis meas a bheith againn orainn féin mar dhaoine agus mar chine. Ar mhaith leis an meas seo bhac an chúis muintir na hÉireann faoin bpota Pádraig a ól. Fuagraíodh go raibh nósa áirid ar leith againn ba chóir dhúinn a chaomhnú mar mhuintir. Rud nach raibh cho cultúrtha ach ar den chultúr é mar sin féin, rud freisin a bhí fíorghar don phoilitíocht, ba ea an teagasc faoi dhéantúis na hÉireann, teagasc a ghlacfadh cinnire poilitíocht chuige féin go goirid.

Tháinig athrú poilitiúil i gcúrsaí na cúise nuair a hathraíodh Bunreacht nó Cóirí Chonra na Gaeilge i 1915. Tá barúil ag duine dhá bhfanadh an Chraoibhín feidhmiúil sa gConra go dtiocfadh athraithe móra eile leis na blianta. Ní dóigh liom go bhféadfadh duine ar bith a rá gurb ionann Gluaiseacht na Gaeilge in aon ghné di inniu leis an nGluaiseacht a bheartaigh an Chraoibhín, Eoin Mac Néill agus an tAthair Ó Gramhna.

Bhí agus tá iarrachtaí dhá ndéanamh le athraithe a thabhairt chun críche. Ba mhór an t-athrú eagras atá dháiríre neamhspleách a bheith i gCúige Uladh, ach b'éigean sin de bhárr an dá státa. Bhí an Coga Cathartha ní ba dhíbircí sa gConra b'fhéidir ná in aon áit eile i saol na tíre. Nuair a chinn ar na Stáitairí greim a fháil go baileach ar Chonra na Gaeilge d'fhéach siad le é a chur de dhroim seoil. Ba mheasúla go mór **bureaucracy** Gaeilge an státa nua—lucht na Bhéistí Bán mar thug Séamas Mhac Grianna orthu — ná Conra na Gaeilge. Dearmad a dhéanas námhaidí na Gaeilge go sileann siad gur teanga ag **bureaucracy** an Rialtais í an Ghaeilge agus go bhfuil siad sin dhá héigniú ar dhaoine eile. Ní raibh sin amhála ariamh. Go luath i saol an Státa dúirt Seoirse Mac Niocail, go poiblí, **by hog, dog and devil**, go gcuirí an Ghaeilge i gcion. Ba dhona a bhí a anáil fuaraithe san am a raibh an chaint sin séanta ag an Aire Airgeadais, Leas-Uachtarán an Rialtais, fear mór na Gaeilge, Earnán de Blaghd. Ar a laghad ar bith rinneadh an chaint sin. Ní dhéanfaí inniu í.